Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11222 — MITSUI / EDF / FORSEE POWER / NEoT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 316/07)

1. An 29 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mitsui & Co., Ltd. ('Mitsui', an tSeapáin),

— EDF Pulse Holding S.A.S., atá faoi rialú EDF S.A. ('EDF', an Fhrainc),

— Forsee Power S.A. ('Forsee Power', an Fhrainc),

— NEoT Capital S.A.S. ('NEoT', an Fhrainc), atá faoi rialú comhpháirteach EDF agus Forsee Power faoi láthair.

Gheobhaidh Mitsui rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar NEoT, a bheidh faoi rialú comhpháirteach Mitsui, EDF agus Forsee Power i ndiaidh an Idirbhirt.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta trádála, bainistíochta gnó agus forbartha tionscadal é Mitsui, agus oibríonn sé ar fud an domhain agus tá sé gníomhach in earnálacha éagsúla,

— Tá EDF gníomhach ar na margaí leictreachais, go háirithe, i dtáirgeadh leictreachais agus mórdhíol, trádáil agus soláthar, sa Fhrainc den chuid is mó,

— Tá Forsee Power gníomhach i maoiniú tionscadal, i réimsí an fhuinnimh agus na gluaiseachta, agus i ndearadh, forbairt agus monaraíocht córas cadhnraí cliste le haghaidh feidhmeanna leictrea-shoghluaisteachta inbhuanaithe sa tionscal iompair,

— Tá NEoT gníomhach i réimsí na sainchomhairle fuinnimh agus na bainistíochta sócmhainní.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11222 — MITSUI / EDF / FORSEE POWER / NEoT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË